# Tuarascáil Bhliantúil 2015

## Clár

Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta
Buaicphointí 2015
Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh
Bord Thurasóireacht Éireann
Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

### STAIR ACHOMAIR AGUS CÚLRA REACHTÚIL NA CUIDEACHTA

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann Teoranta le mhaith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann FUA corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal.  Tógann sé treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh, Fáilte Éireann (FI) agus Tourism NI. Is iad príomhchuspóirí na cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí.  Faigheann an chuideachta a mhaoiniú ón dá dhlínse. Ceapann an NSMC bord stiúrthóirí go ceann tréimhse ceithre bliana de ghnáth. Beidh deireadh ag teacht le téarma reatha na mball ceaptha ó dhlínse an deiscirt i mí na Nollag 2019. Cuireadh bliain le téarma na mball ceaptha ó dhlínse an tuaiscirt agus beidh deireadh leis an téarma sin i mí na Nollag 2016.

Buaicphointí 2014

Cuairteoirí ón iasacht go hoileán na hÉirinn 9.5m

Méadú i gcuairteoirí ón iasacht ó 2014 +12%

Cuairteoirí saoire go hoileán na hÉirinn 4.3m

Caiteachas ag cuairteoirí ón iasacht €4.9bn/£3.6bn

Méadú i gcaiteachas ó 2014

Margadh iasachta Thurasóireacht Éireann 23

An ceithre mhargadh is mó don turasóireacht isteach An Bhreatain  Na Stáit Aontaithe  An Ghearmáin  An Fhrainc

Poiblíocht thar Sáile de luach €358m/£290m lci

Cuairteoirí uathúla go Ireland.com 16.6m in 2015

Rangú Láithreacht Shóisialta Thurasóireacht Éireann in aghaidh Bhoird Turasóireachta Náisiúnta eile

Facebook Uimh. 4

Twitter  Uimh. 2
YouTube Uimh. 4
Éire ag Uimh. 5 la haghaidh margaíocht agus brandáil turasóireachta (World Economic Forum)
Baile Átha Cliath Uimh. 3 'Best in Travel' le Lonely Planet 2016

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Brian Ambrose
Cathaoirleach

Niall Gibbons
Príomhfheidhmeannach

Ba í 2014 an bhliain ba fhearr riamh don turasóireacht ón iasacht chuig oileán na hÉireann. Chuireamar fáilte roimh 9.5 milliún cuairteoirí, fás 12% ó 2014, a chuir timpeall €4.9bn/£3.6bn le geilleagar an oileáin. Tharla an fás i ngach ceann dár bpríomh-mhargaí, le toradh níos fearr ná riamh ó na Stáit Aontaithe, Ceanada, An Ghearmáin, An Frainc, An Spáinn agus ón Astráil in 2015.  Bhí fás 19% ar chuairteoirí saoire ón iasacht i rith na bliana, 680,000 cuairteoir breise. Níos tábhachtaí fós, bhí fás 17% ar an ioncam ó chuairteoirí ón iasacht sa tréimhse seo, €713m/£613m breise i gcomparáid le 2014.

Ba í seo an cúigiú bliain as a chéile a raibh fás ar thurasóireacht ón iasacht chuig oileán na hÉireann agus táimid cinnte i dTurasóireacht Éireann go sárófar an taifead arís in 2016.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Le linn na pleanála do 2015, leag Turasóireacht Éireann tosaíochtaí áirithe straitéiseacha amach lenár dtionchar bolscaireachta a uasmhéadú, le tógáil ar ghnóthachain a bhí déanta le déanaí, agus leis an fhás a bhuanú amach anseo. Thugamar tosaíocht don Bhreatain, do Mheiriceá Thuaidh agus do Mhór-roinn na hEorpa, na margaí a thugann an toradh is fearr ar infheistíocht ó thaobh cuairteoirí saoire agus ioncaim. Chuireamar béim ar na cuairteoirí 'is dóchúla' sna margaí seo - le heispéiris shuntasacha saoire, imeachtaí agus tairiscintí speisialta oiriúnaithe dá spéiseanna agus deartha lena bhfonn 'caithfidh mé dul anois' a mhúscailt. Thugamar faoi chlár leitheadach fógraíochta chomh maith san Astráil agus i margaí ardchumais eile atá ag teacht chun cinn - go háirithe an tSín agus an India, mar ar chuireamar béim ar an Scéim Vísa  Briotanach Éireannach.

Choinníomar an fócas ar thrí dhream ar leith, iad sin is mó ionchais d'oileán na hÉireann. Is iad seo: an dream le 'fiosracht chultúrtha' (margadh níos sine, ar mian leo dul go háiteanna nua), 'fuinnmheoirí sóisialta' ( níos óige, tugtha don spraoi, ag súil le heachtraíocht in áit chorraitheach), agus 'Éalaitheoirí' (dream ar maith leo saoire faoin tuath, ag súil le héalú ón gcathair). Díríodh ar dheighleoga neide chomh maith - galfairí, agus cuairteoirí gnó agus dreasachta.

Bhí clár lán fógraíochta agus bolscaireachta ag Turasóireacht Éireann i rith na bliana 2015, le haird na dtaistealaithe i ngach áit a dhíriú ar oileán na hÉireann. Cuireadh béim san fhógraíocht ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus ar Bhealach Chósta an Aifir: i measc téamaí tábhachtacha eile bhí comóradh 150 bliain ar bhreith WB Yeats, Game of Thrones, ár ngalf den chéad scoth, togra Glasú bliantúil Domhanda Thurasóireacht Éireann ar Lá Fhéile Pádraig agus ar ID2015 (Bliain Dearadh Éireann).

Bhain tábhacht ar leith leis meáin dhigiteacha agus shóisialta le bealaí nua le teacht ar ár spriocmhargaí a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh leo.

Seoladh straitéis shuntasach uaillmhianach trí bliana san earrach le fás a spreagadh ó mhargadh na hAstráile, mar chuid dár gclár leanúnach athbhreithnithe ar na margaí. Leagadh amach spriocanna dúshlánacha uaillmhianacha le líon na gcuairteoirí ón Astráil go hoileán na hÉireann a mhéadú de 20%, go beagnach 220,000 sa bhliain, faoi dheireadh na bliana 2017. Is iontach an fás a bhí ar mhargadh taistil amach na hAstráile le blianta beaga anuas agus ba bhuaic-bhliain í 2015 arís do líon na gcuairteoirí ón Astráil go hoileán na hÉireann.

## Slí an Atlantaigh Fhiáin, Bealach Chósta an Aifir agus Oirthear Ársa Éireann

Bhí Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Bealach Chósta an Aifir ina bpríomhfhócas do Thurasóireacht Éireann i rith 2015. Chonaic suas le 40 milliún duine a d'fhéadfadh a bheith ina gcuairteoirí na bealaí a fógraíodh ar ardáin éagsúla lena n-áirítear fógraíocht teilifíse, phrionta agus ar líne; ar Ireland.com agus ar ár gcainéil sna meáin shóisialta; ag aonaigh mhóra idirnáisiúnta tomhaltóirí agus trádála ar nós ITB i mBeirlin; trí chuairteanna cur in aithne do ghníomhairí agus oibritheoirí taistil le tionchar, chomh maith le hiriseoirí taistil agus slí mhaireachtála agus blagairí as gach cearn den domhan; agus trí ábhar bolscaireachta Thurasóireacht Éireann. Sa dara leath den bhliain, cuireadh Oirthear Ársa Éireann i láthair an mhargadh taistil ón iasacht, mar ullmhúchán lena sheoladh do na tomhaltóirí in 2016.

## Poiblíocht Thar Lear

Is cuid thábhachtach dár gclár fógraíochta thar lear í an obair le meáin taistil, slí mhaireachtála agus sainspéise. In 2015, cruthaíodh na mílte deiseanna do chuairteoirí ionchasacha ar fud an domhain le teachtaireachtaí dearfa a léamh, a chloisteáil nó a fheiceáil faoi oileán na hÉireann. Measann Turasóireacht Éireann gur fiú an phoiblíocht seo timpeall €358m/£290m i luach coibhéiseach fógraíochta.

## Glasú Domhanda Lá Fhéile Pádraig

Ba í 2015 an séú bliain do thogra bliantúil Thurasóireacht Éireann, an Glasú Domhanda le haghaidh Lá Fhéile Pádraig agus bhí sé níos mó agus níos fearr ná riamh cheana - ghlac níos mó ná 180 foirgneamh agus suíomh suntasacha páirt, gineadh poiblíocht shuntasach dhearfa, le luach níos mó ná €10m/£8m, d'oileán na hÉireann ar fud an domhain. In 2015, bhí an Colasaem sa Róimh, an Sacré Coeur i bPáras agus Caisleán Dhún Éidinn páirteach sa Ghlasú Domhanda den chéad uair.

## Game of Thrones

San earrach, bhí súile an domhain ar Thuaisceart Éireann nuair a chuaigh Turasóireacht Éireann i bpáirt le HBO le leas a bhaint as an rath dochreidte atá ar an sraith teilifíse Game of Thrones agus Tuaisceart Éireann a chur chun cinn ar fud an domhain. Agus é ar siúl le linn don chúigiú séasúr a bheith ag teacht ar an aer, mhair ár bhfeachtas ar feadh 12 seachtain sa Bhreatain, i SAM, i gCeanada, san Astráil, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Spáinn, san Iodáil, san Ísiltír agus i gCríocha Lochlainn - spreagadh cúig mhilliún gliog, trácht agus roinnt agus sroicheadh timpeall 100 milliún den lucht féachana ar fud an domhain. Bhuaigh muid mórghradam margaíochta i mí na Nollag ar son a fheachtais, ag na Gradaim Idirnáisiúnta Inneachar Margaíochta i Londain. Bhí Turasóireacht Éireann ar cheann de dheich n-eagraíocht ar an ngearrliosta don roinn "Taisteal is Fearr", agus sháraigh muid iomaíocht ghéar ó leithéidí British Airways, Scandinavian Airlines agus Qantas Airways, leis an chéad duais a bhuachan.

## Rochtain

Is gné chriticiúil í an rochtain, ní hamháin ó thaobh líon na gcuairteoirí agus an ioncaim turasóireachta, ach chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an turasóireacht iasacht chuig na réigiúin agus go Tuaisceart Éireann. Bliain shuntasach eile ba ea 2015 ó thaobh rochtana; tháinig an chuid is mó den fhás as forbairt leanúnach Ryanair, le bealaí nua agus minicíocht mhéadaithe ar na bealaí a bhí ann cheana. Bhí forbairt dhearfa le feiceáil chomh maith le bealaí nua ó iompróirí éagsúla (m.sh. Aer Lingus ó Washington DC go Baile Átha Cliath, KLM ó Amsterdam go Béal Feirste, Transavia ó Pháras go Baile Átha Cliath agus Vueling ó Barcelona go Béal Feirste), agus d'athbhunaigh United an eitilt i rith na bliana ó Newark go Béal Feirste. Meastar go raibh 492,000 suíochán aontreo díreacha go hoileán na hÉireann ar fáil gach seachtain i rith an tsamhraidh 2015, méadú 9% ar acmhainn ó shamhradh na bliana 2014. Bhí timpeall dhá thriain de na suíocháin aerlíne aontreo go hoileán na hÉireann ar fáil ón dá phríomh-aerlíne atá ag feidhmiú ar oileán na hÉireann, Ryanair agus Aer Lingus. Rinne clár cómhargaíochta Thurasóireacht Éireann le hiompróirí aeir agus farraige, agus le comhpháirtithe thionscal an taistil, infheistíocht €9.6m/£7.8m i bhfeachtais margaíochta in 2015, agus fuarthas tacaíocht shuntasach dá réir ón earnáil tráchtála.

Is maith an tuar do turasóireacht ón iasacht na seirbhísí nua atá fógartha do 2016. Beidh trí eitilt nua trasatlantach ag Aer Lingus go Baile Átha Cliath ó Los Angeles, Hartford (Connecticut) agus Newark (New Jersey). Beidh seirbhísí á seoladh fosta ag Aer Lingus ó Pisa agus Montpelier go Baile Átha Cliath agus ó Düsseldorf go Corcaigh. I measc bealaí nua eile atá beartaigh tá eitilt Brussels Airlines go hAerfort Chathair Bhéal Feirste, seirbhís Ryanair ó Londain Gatwick go hAerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste; eitiltí Flybe ó Dhún Éidinn agus Birmingham go hAerfort Iarthar Éireann Cnoc Mhuire; eitiltí CityJet ó Nantes agus La Rochelle go Corcaigh; eitilg Iberia Express idir Madrid agus Corcaigh; Air Canada ó Vancouver go Baile Átha Cliath; agus seirbhís Réigiúnda Aer Lingus Regional ó Dhún Éidinn go dtí an tSionainn.

I Mí Mheán Fómhair, bhí an bua ag Turasóireacht Éireann in aghaidh fhreasúra crua le dhá dhuais a ghnóthú ag na Gradaim Idirnáisiúnta Bealaí Domhanda, an Príomh-bhuaiteoir, an gradam "World Routes Marketing" agus an gradam "Best Destination Marketing". Tá na gradaim, a reáchtáladh in Durban san Afraic Theas, ar siúl ón mbliain 1997 le haitheantas a thabhairt don fheabhas i margaíocht aerfoirt agus forbairt na mbealaí aeir. Is iad na haerlínte idirnáisiúnta a chaitheann vóta ar son na mbuaiteoirí.

Mhéadaigh Turasóireacht Éireann a láithreacht ar líne go leanúnach, le 3.4 milliún de lucht leanúna ar Facebook faoi dheireadh na bliana. Ag am a scríofa seo, is í an eagraíocht so an tríú bord turasóireachta is mó éilimh ar domhan ar Facebook, uimhir a dó ar Twitter agus uimhir a haon ar YouTube. Thug timpeall 16.5 milliún cuairteoir uathúil cuairt ar ár suíomh gréasáin Ireland.com in 2015.

Bhí tús iontach ar an mbliain 2015, nuair a rinne Turasóireacht Éireann urraíocht ar fhoireann na hÉireann chuig Corn Domhanda Cruicéid an ICC, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Bhí an Corn Domhanda Cruicéid ar cheann de na himeachtaí spóirt ba mhó ar domhan sa bhliain, ó thaobh lucht féachana domhanda; bhí sé ar an teilifís in 220 tír, chuig 2.5 billiún de lucht féachana. Rinne Turasóireacht Éireann giaráil ar an aird ollmhór dhearfa sna meáin le tacú le fás na dturasóireachta ó thíortha a bhfuil gean acu ar chruicéad.

I mí Bhealtaine, le cuairt Phrionsa na Breataine Bige agus Bandiúc an Choirn, bhí deis ar leith ann le lucht saoire a mhealladh ón mBreatain chuig oileán na hÉireann i rith 2015. Thaistil complacht mhór as na meáin leis an lánúin ríoga le clúdach a dhéanamh ar an chuairt, agus leis an scéal a thabhairt chuig na milliúin daoine sa Bhreatain agus ar fud an domhain. Bhí deis iontach ann freisin le cuairt Phríomhaire na Síne Li Keqiang le hÉirinn a chur i láthair lucht féachana ollmhór sa tSín a d'fhéadfadh a bheith ina gcuairteoirí amach anseo. Leis an fháilte chroíúil a cuireadh roimh an uasal Li treisíodh íomhá na hÉireann mar cheann scríbe thar a bheith cairdiúil agus fáiltiúil, ag

tabhairt le fios do thaistealaithe na Síne go bhféadfaidís a bheith ag súil le fáilte chroíúil.

I mí Bhealtaine chomh maith, tar éis an vóta 'Tá' sa Reifreann um an Phósadh, chuir Turasóireacht Éireann tús le feachtas "Ireland says I do" atá dírithe ar an phobal LADT le haghaidh bainiseacha agus mí na meala in Éirinn. Seoladh an feachtas i naoi margadh - lena n-áirítear an Bhreatain, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an réigiún Nordach, an Astráil, An Fhrainc, An Spáinn, an Iodáil agus an Ghearmáin.

Ghlac Éire páirt den chéad uair i dTaispeántas an Ard-Mhéara i Londain i mí na Samhna, a raibh a 800ú cuimhneachán á cheiliúradh aige. Thug Turasóireacht Éireann cuireadh d'Ard-Mhéaraí agus Méaraí as gach cearn den oileán a bheith páirteach - le béim a chur ar oileán na hÉireann sa mhargadh turasóireachta is mó atá againn agus le dlús a chur leis an chaidreamh idir Éirinn agus an RA.

I 2015, bhí breith an fhile cáiliúil agus an duaiseoir Nobel, WB Yeats, á ceiliúradh, agus dá bhrí sin ba théama mór é Yeats2015 i mbolscaireacht Thurasóireacht Éireann ar fud an domhain. Chuir Turasóireacht Éireann béim chomh maith ar an gclár iontach bliana ID2015 (Bliain Dearadh Éireann), le ceiliúradh a dhéanamh ar an dearadh de gach cineál, le himeachtaí ar fud an oileáin, chomh maith le gníomhaíochtaí agus taispeántais ag aonaigh deartha agus seachtainí faisin. Rinne muid bolscaireacht chomh maith ar son an ghailf den chéad scoth agus an Irish Open i gclub an Royal County Down. Cuireadh béim fosta ar Mount Stewart, a athosclaíodh i mí Aibreáin tar éis athchóireáil leitheadach.

## Rialachas

Bhí ocht gcruinniú ag an mBord in 2015 in ionaid éagsúla ar fud an oileáin lena n-áirítear Moin Stíobhaird (Co an Dúin), Sligeach, Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh, a thug deis do chomhaltaí an Bhoird labhairt le hionadaithe áitiúla an tionscail agus le taithí a fháil ar an táirge turasóireachta, lena n-áirítear Teach Mhoin Stíobhaird agus a Ghairdíní, Teach Lios an Daill agus Smithwick's Experience i gCill Chainnigh. I measc na n-ábhar a phléigh an Bord i rith na bliana bhí moladh go ndéanfaí níos mó infheistíochta i dteachtaireachtaí meandracha turasóireachta, le feabhas a chur ar ár 'sciar den ghuth'; athbhreithniú a fhaomhadh ar mhargadh na hAstráile; athbhreithniú a fhaomhadh ar mhargaí na Spáinne agus na hIodáile; chomh maith le hathbhreithnithe leanúnacha ar fheidhmíocht ghnó agus ar nuashonraithe margaidh. Rinneadh cur i láthair faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus a impleachtaí. Rinne an Bord maoirseacht ar Phlean Gnó Thurasóireacht Éireann 2016, a d'fhaomh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas i mí na Nollag. Fuarthas tuarascálacha i rith 2015 ó na Coistí Bainistiú Riosca agus Luach Saothair ar ábhair éagsúla lena n-áirítear athbhreithniú ar fheidhmíocht na bainistíochta sinsear agus torthaí sásúla a d'eascair as an gclár inmheánach iniúchta.

## Buíochas

Táimid an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach atá faighte ag Turasóireacht Éireann ó lucht riaracháin sa dá dhlínse ar an oileán agus ó na hAirí, Arlene Foster MLA (go dtí Bealtaine 2015) agus Jonathan Bell MLA, Aire Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann, agus Paschal Donohoe TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Michael Ring TD, Aire Stáit Turasóireachta agus Spóirt sa Deisceart. Bhí na hAirí an-fhlaithiúil lena gcuid ama agus ghlac siad páirt i gcuairteanna torthúla chuig margaí thar lear le haghaidh mórimeachtaí poiblíochta i rith na bliana. Táimid buíoch freisin do na hoifigigh sa dá roinn agus dóibh sin i gComhairle na hAirí Thuaidh/Theas agus as an tacaíocht agus don chomhairle a thugann siad i gcónaí.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sa tionscal turasóireachta a bhí ag obair linn le taithí saoire oileán na hÉireann a thabhairt chun beatha do lucht saoire ionchasacha ag feachtais phoiblíochta ar fud an domhain. Ár mbuíochas fosta do bhaill an Ghrúpa Lárnach Comhpháirtíocht Mhargaíochta agus do bhaill na nGrúpaí Comhpháirtíocht Mhargaíochta thar lear, a bhí chomh fial lena gcuid ama agus iad ag obair linn i rith 2015.

Is luachmhar an comhoibriú a fhaighimid go leanúnach ónár gcomhghleacaithe i Fáilte Éireann agus i Tourism NI, agus ó Chónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann, i ngach gné dár gcuid oibre. D'oibrigh foireann Thurasóireacht Éireann go dícheallach sa bhaile agus i gcéin chun íomhá dhearfa d'oileán na hÉireann a chur chun cinn. Táimid an-bhródúil i gcónaí as a ndílseacht, a dtiomantas, a gcuid fuinnimh agus a nuáil agus iad ag obair ar son an tionscail.

## Ag Breathnú Romhainn

Is é croí na straitéise ag Turasóireacht Éireann do 20156 tógáil ar rath na bliana 2015 agus an fás a bhuanú sna blianta romhainn. Tar éis don turasóireacht ón iasacht a bheith ag fás le cúig bliana anuas go leanúnach, tá sé d'aidhm againn cur-iarracht feidhmíochta 2015 a shárú agus fáilte a chur roimh 9.8 milliún turasóir go hoileán na hÉireann in 2016. Is ionann é sin agus fás de 4% ó 2015 agus tabharfar €5.1 bn/ £4.4bn go geilleagar an oileáin.

In 2016, beidh Oirthear Ársa Éireann á nochtadh chuig tomhaltóirí ar fud an domhain, agus leanfar ar aghaidh leis an bhfócas mór ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. Beidh Bliain Bhia agus Dí Thuaisceart Éireann á cur chun cinn againn, agus tabharfar cuireadh do dhaoine ar maith leo dea-bhia teacht agus na táirgí áitiúla is fearr a bhlaiseadh. Beidh fógraíocht á dhéanamh ar son Bhéal Feirste agus Bhaile Átha Cliath, ag baint leas go háirithe as Baile Átha Cliath a bheith luaite ag uimhir a trí in 'Lonely Planet Best in Travel 2016'. Cuirfear béim ar Chosán Aille Gobbins

a osclaíodh i mí Lúnasa, mar chuid de Bhealach Chósta an Aifir, agus tapófar gach deis le nasc Star Wars le hÉirinn agus nasc Game of Thrones le Tuaisceart Éireann a fhógairt.

Beidh tús áite á thabhairt i gcónaí againn do na margaí is mó a thairgeann toradh ar infheistíocht ó thaobh cuairteoirí saoire agus ioncaim, is iad sin, Meiriceá Thuaidh, an Bhreatain agus Mór-Roinn na hEorpa. Díreofar ar mhargaí nua ardionchais chomh maith, go háirithe an tSín agus an India, mar a gcuirfidh Turasóireacht Éireann béim ar an Scéim Visa nua don Bhreatain agus d'Éirinn.

Scéim Visa na Breataine agus na hÉireann

I measc na dtosca tábhachtacha atá ag obair ar ár son don bhliain 2016 tá forbairtí nua rochtana, geilleagair níos láidre sna príomh-mhargaí atá againn, neart leanúnach 'bhranda' na hÉireann (á n-íomhá thar lear), agus rátaí fabhrach malairte le haghaidh sterling agus an dollar. Pointí fabhracha eile is ea ár láidreachtaí sna meáin dhigiteacha agus shóisialta. Le hinfheistíocht leanúnach sa táirge feabhsaítear ár n-íomhá thar 0 go háirithe infheistíocht in eispéiris ar nós Bealach an Atlantaigh Fhiáin, Oirthear Ársa Éireann, Titanic Belfast agus Cosán Aille Gobbins. Tá gach duine i dTurasóireacht Éireann ag tnúth le hobair lenár gcomhpháirtithe sa tionscal, sa bhaile agus thar lear, leis na deiseanna iomadúla a bheidh ann dúinn sa bhliain seo a thapú.

# Bord Thurasóireacht Éireann

Cathaoirleach

**Brian Ambrose OBE**, Cathaoirleach. Tá 40 mbliana caite aige sa tionscal eitlíochta, agus poist shinsearacha bainistíochta le Bombardier in innealtóireacht agus i bhforbairt ghnó. I 1997 ceapadh an tUasal Ambrose ina Stiúrthóir Oibríochtaí in Aerfort Cathrach Bhéal Feirste le freagracht as reáchtáil an aerfoirt ó lá go lá. I mí Eanáir 2004, ceapadh é mar phríomhfheidhmeannach ar an aerfort agus tá sé freagrach as gnó atá ag fás le gluaiseacht bhliantúil paisinéirí os cionn 2.7 milliún agus 110 eitilt sa lá ar an meán. Tá os cionn 1,600 ag obair san aerfort faoi láthair, rud a dhéanann fostóir suntasach d'Aerfort Bhéal Feirste agus a chuireann go mór le geilleagar Thuaisceart Éireann. Bhí an tUas Ambrose ina chathaoirleach ar CBI Northern Ireland 2008-2009. Tá sé ina Chathaoirleach freisin ar Mencap Northern Ireland; ina chomhalta de Bhord Business in the Community; ina iontaobhach ar an Titanic Foundation agus ina Chomhalta Boird de Phoenix Natural Gas.
Bronnadh OBE air in Onóracha na Bliana Úire i 2011.

**Joan O'Shaughnessy** (Leas-Chathaoirleach)
Tá **Joan O'Shaughnessy** ina Comhairleoir Speisialta do Aramark agus dá Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. Tá Joan ina ceannaire agus ina hionadaí don tionscal seirbhíse le 38 mbliain anuas. Tá sí ina hUachtarán Onórach d'fhondúireacht carthanachta Hospitality Trust, ina comhalta de Chomhlachas Tráchtála Mheiriceá, Institiúid na Stiúrthóirí agus Skål Ireland. Tá Joan ina Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach ar Bewley's Tea & Coffee Ltd agus ar Chónaidhm Soláthraithe Bia na hÉireann (IFSA). Go dtí gur éirí sí as i mí Mheithimh 2011, bhí June ina POF ar ARAMARK, post a bhí aici ar feadh níos mó ná 12 bliain. Mar POF, neartaigh Joan an eagraíocht go dtí go raibh sí ar cheann de na cuideachtaí ilnáisiúnta Meiriceánacha is mó in Éirinn, le níos mó ná 4,000 fostaí i 400 ionad ar fud an domhain.

Tá **Ciara Burke** fostaithe i réimse feabhsú na sláinte agus bíonn sí ag obair go dlúth leis an phobal, le comhlachtaí reachtúla agus leis an tionscal le plé le riachtanais sláinte agus folláine. Tá taithí ghairmiúil bhforbairt ghnó, i margaíocht agus i gcaidreamh poiblí aici i réimse earnálacha. Roimhe seo bhí sí páirteach i bhforbairt tograí turasóireachta pobalbhunaithe, i bhforbairt táirgí, i seachadadh na gclár Welcome to Excellence san earnáil, chomh maith le bainistiú margaíochta agus imeachtaí do mhórionad cuairteoirí.

Tá an **Dr. Howard Hastings** ina stiúrthóir bainistíochta ar Hastings Hotels. Le déanaí chríochnaigh sé téarma sé bliana mar chathaoirleach ar Tourism NI. Is Stiúrthóir é de Merrion Hotel (a bhfuil úinéireacht 50% ag Hastings Hotels air) agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Bhord Gobharnóirí Rockport School Ltd. Le linn na 1990í bhí sé ina Chathaoirleach ar an Institute of Directors i dTuaisceart Éireann agus ina Chathaoirleach bunaigh ar Chónaidhm Óstáin Thuaisceart Éireann. I measc na gceapachán poiblí a bhí ag Howard bhí téarma eile le Turasóireacht Éireann (2000-2007), leis an nGníomhaireacht Oiliúna agus Fostaíochta agus le Investors in People (RA). Tá Howard ina chomhalta den Institute of Chartered Accountants of England and Wales. Tá céim sa dlí aige ó Ollscoil Nottingham agus céim máistir agus dochtúireacht onórach ó Ollscoil Uladh.

Ceapadh **Stephen Kavanagh** mar Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus mar bhall de Bhord Aer Lingus ar an 1 Márta 2015. Is céimí é an tUasal Kavanagh ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus chuaigh sé le Aer Lingus in 1988. Bhí róil éagsúla oibriúcháin agus tráchtála aige, ceapadh é ina fheidhmeannach in 2016 agus bhí sé ina bhall den fhoireann don tairiscint phoiblí tosaigh a chuir Aer Lingus ar an margadh an bhliain sin. D'fhreastail sé mar Phríomh-Oifigeach Tráchtála ó 2009, mar ar threoraigh sé feabhsúcháin i mbainistíocht miondíola agus ioncaim, agus i bhforbairt páirtnéirí agus líonra. Sular ceapadh é ina phríomhfheidhmeannach, bhí sé ina Phríomhoifigeach Straitéise agus Pleanála.

Is é **David Lyle OBE** Príomhfheidhmeannach an ghníomhaireacht fógraíochta LyleBailie International Limited le níos mó ná 20 bliain de thaithí i margaíocht ceann scríbe. Tá taithí ar leith aige ar chomhoibriú Thuaidh-Theas lena n-áirítear feachtais teilifíse trasteorann faoi shábháilteacht bóithre agus feasacht faoi na seirbhísí poiblí. Bhí sé ina phríomhúdar ar 44 staidéar ar chásanna a bhuaigh gradaim agus fuair sé 260 gradam cruthaitheachta - lena n-áirítear cúig Grand Prix. Sa bhliain 2009 bhronn an Advertising Research Foundation i Nua Eabhroc an David Ogilvy Gold Award air. Is speisialtóir é i luacháil na n-aisíoc eacnamaíocha a eascraíonn as an bhfógraíocht agus bronnadh an OBE air i 2011 ar son a chuid seirbhíse do shábháilteacht bóithre.

Ceapadh **David O'Brien** ina Príomhoifigeach Tráchtála i Ryanair i mí Eanáir 2014, tar éis dó freastal mar Stiúrthóir Oibriúcháin Eitilte agus Talún ó mhí na Nollag 2002. Is céimí é de Choláiste Míleata na hÉireann, bhí saol gairmiúil míleata aige, le poist san earnáil aerfoirt agus gnó talmhaíochta sa Mheán-Oirthear, sa Rúis agus san Afraic.

Is comhairleoir comhshaoil é **Michael O'Sullivan**. Bhí sé ag obair mar stiúrthóir tionscadail ar mhórthionscadail ildisciplíneacha caomhnaithe agus bainistíocht bonneagar comhshaoil ar fud na hÉireann le 25 bliain anuas. I measc a chuid mórthionscadal le déanaí bhí Máistirphlean Chúrsa Gailf an Dúin Bhig agus EIS/NIS do chosaint an chósta, Máistirphlean Mhainéar Áth Dara agus EIS/NIS forbartha, EIS/NIS don Broadmeadow Greenway, Fionnghall, agus Measúnú Rochtana Comhshaoil Sceilg Mhichíl. Tá comhairle comhshaoil agus pleanála tugtha ag Michael don tionscal agus don rialtas ar aon. Ba é a bhí ina eagarthóir ar an chéad lámhleabhar Measúnú Tionchar Comhshaoil in Éirinn in 1990.

Tá **Shaun Quinn** ina Phríomhfheidhmeannach ar Fáilte Éireann, an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as forbairt inbhuanaithe na turasóireachta a threorú agus tacú léi in Éirinn. Ceapadh sa phost seo é in 2003 agus faoina threoir, tá éabhlóid leanúnach déanta ag an ghníomhaireacht le freagairt do riachtanais fhorbairt na turasóireachta. Le déanaí, d'éirigh leis tacú le straitéis 'branda eispéiris' d'fhonn fás inbhuanaithe sa turasóireacht isteach a spreagadh. Le linn na tréimhse 2012-2013, bhí sé ina Chathaoirleach ar an Tionól , an togra turasóireachta pobail i mó in Éirinn. Sular chuaigh sé le Fáilte Éireann, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar CERT, gníomhaireacht oiliúna turasóireachta an stáit, ó 1998 go 2002. Chuaigh sé leis an turasóireacht ón earnáil bhia, mar a raibh sé ina Cheann Margaíochta le Bord Bia, ó 19984 go 1998. Ó 1986 go 1993, bhí sé ag obair le Córas Beostoic agus Feola, mar Eacnamaí, agus níos déanaí, mar Stiúrthóir Pleanála. Bhí sé ag freastal ar fhóraim éagsúla Rialtais a bhain le straitéis agus beartas turasóireachta. Is céimí é de chuid Choláiste na hOllscoile, BÁC, agus tá céim máistir aige i riarachán gnó.

Tá **Derek Reaney** as Droichead an Phlum i dTír Eoghain agus tá post aige mar Oifigeach Forbartha le Gníomhaireacht na hUltaise. Bhí sé ag obair roimhe seo mar Bhainisteoir ar thionscadal síochána agus athmhuintearais trasteorann, ag obair le pobail tuaithe san Iarthuaisceart.  Tá níos mó ná 20 bliain caite aige ag obair san earnáil phobail agus bhí sé rannpháirteach go háirithe in obair forbartha le pobail imeallaithe agus i dtacaíocht do thionscadail chultúrtha. Bhí sé ina bhall de Chomhpháirtíocht Straitéise Áitiúil an tSrath Bháin agus chaith sé seal ar Bhord  Chomhpháirtíocht Infheistíocht Sláinte an Iarthuaiscirt agus ar Ghrúpa Gníomh Áitiúil an Iarthuaiscirt san ARC. Tá sé ina Stiúrthóir ar Chomhar Creidmheasa Mourne Valley sa Bhaile Nua, Co Thír Eoghain.

Is comhairleoir muirí ar scor é **David Rodway**. Le linn a shaol gairme, i ndíolacháin agus margaíocht den chuid is mó (ocht mbliana san Araib Shádach san áireamh), bhí sé ina Bhainisteoir Stiúrtha chomh maith ar chuideachta dobharshaothraithe i Loch Cairlinn ó 1990 go 1999 agus tar éis dó dul ar scor, lean sé ar aghaidh mar chomhairleoir páirtaimseartha teicniúil. Ó 2005 go 2011, bhí David ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste agus ar chomhlachtaí éagsúla poiblí, lena n-áirítear bord an Belfast Metropolitan College (ceithre bliana) Bord Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste (cúig bliana) agus Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste (cúig bliana). Bhí sé ina chomhalta chomh maith ar Bhiúró Cuairteoirí agus Comhdhálacha Bhéal Feirste agus go dtí le gairid bhí sé ar bhord an Nomadic Trust (comhlacht atá i mbun athchóiriú iomlán ar bhád farantóireachta a d'fhreastail ar an Titanic as Cherbourg), atá glactha isteach sa Titanic Foundation Ltd ó shin.

Tá **Trevor White** ina Stiúrthóir ar Mhúsaem Beag Bhaile Átha Cliath agus ar Chathair na Míle Fáilte. Rugadh é in 1972, bhunaigh sé an irish The Dubliner agus bhí sé ina eagarthóir ar an eolaí bialainne is mó ráchairt in Éirinn, The Dubliner 100 Best Restaurants, ar feadh na mblianta. Tá dhá leabhar scríofa ag Trevor, Kitchen Con: Writing on the Restaurant Racket agus The Dubliner Diaries.

# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

Clár

Faisnéis faoin gCuideachta
Tuarascáil na Stiúrthóirí
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí
Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais
Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim
Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais
Ráiteas Maidir le hAthruithe i gCothromas
Ráiteas Sreafaí Airgid
Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta
Nótaí do na Ráitis Airgeadais

# Faisnéis faoin gCuideachta

## Stiúrthóirí
Brian Ambrose OBE (Cathaoirleach)
Jim Flannery(Leas-Chathaoirleach)
(D'éirigh as 18 Nol 2015)
Joan O'Shaughnessy (Leas-Chathaoirleach)
(Ceaptha 18 Nollaig 2015)
Ciara Burke
Denis Cregan
(D'éirigh as 18 Nol 2015)
Howard Hastings
John Healy
(D'éirigh as 18 Nol 2015)
Stephen Kavanagh
(Ceaptha 18 Nollaig 2015)
David Lyle
Christoph Mueller
(D'éirigh as 29 Aibreán 2015)
Elaine Murphy
(D'éirigh as 18 Nol 2015)
David O'Brien
(Ceaptha 18 Nollaig 2015)
Michael O'Sullivan
(Ceaptha 18 Nollaig 2015)
Shaun Quinn
Derek Reaney
David Rodway
Trevor White
(Ceaptha 18 Nollaig 2015)

### Príomhfheidhmeannach
Niall Gibbons

## Rúnaí
Shane Clarke

## Oifig Chláraithe
5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2

## Seoltaí Gnó
5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2
Beresford House
2 Beresford Road
Cúil Raithin
BT52 1GE

## Iniúchóirí
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
(Poblacht na hÉireann)
3A Sráid an Mhéara
Baile Átha Cliath 1

## Príomh-Bhaincéirí
Bainc Aontas Éireann cpt
37/38 Sráid Uí Chonaill Uachtar
Baile Átha Cliath 1

## Aturnaetha

Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Tughans
Marlborough House
30 Victoria Street
Béal Feirste
BT1 3GS

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

## Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi chomirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann Teoranta le mhaith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann FUA corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal.  Tógann sé treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh moibre lena chomhaltaí bunaigh, Fáilte Éireann (FI) agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (NITB). Is iad príomhchuspóirí na Cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí. Faigheann an chuideachta deontais airgid ón dá dhlínse agus eisítear na deontais sin trí FI agus TNI. Ceapann an NSMC Bord Stiúrthóirí go ceann tréimhse ceithre bliana de ghnáth.

## Formáid na Ráitis Airgeadais

Ullmhaíodh na cuntais i bhformáid a cinntíodh ag Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2014 (Poblacht na hÉireann). Is é an euro (€) bunairgeadra na ráitis airgeadais. Tá na torthaí euro aistrithe go Sterling (STG£) ag an ráta deiridh ar ionann STG£1 agus €1.35593 (2014: STG£ cothrom le €1.28783) do Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais agus ag meánráta bliantúil de €1.37684 (2014: STG£1 cothrom le €1.24033) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## Leabhair Chuntais

D'fhonn a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Alt 281 agus 282 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá pearsanra leis na cáilíochtaí cuí cuntasaíochta fostaithe ag na Stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta chuí ar ríomhairí á gcothabháil acu. Tá na leabhair chuntais lonnaithe in oifig na Cuideachta ag Cearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta dearadh agus feidhmiú na gclár margaíochta do na príomh-mhargaí thar lear d'fhonn tionscal turasóireachta oileán na hÉireann a chur chun cinn, de réir na cuspóirí atá leagtha amach thuas.

## Iniúchóirí Seachtracha

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann a dhéanann iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais. Tá lánrochtain ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann ar pháipéir oibre an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann, agus bunaithe air sin is féidir tuarascáil a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann.

## Torthaí

B'ionann an t-easnamh ioncaim thar caiteachas don bhliain agus €1,170,294 (STG £849,985).

## Rialachas Corparáideach

Tá an Chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais atá faofa ag an NSMC.  Tá Bord Stiúrthóirí neamhfheidhmeannach aici atá ceaptha ag an NSMC lena n-áirítear ionadaithe ón tionscal turasóireachta i dTuaisceart Éireann, an tionscal turasóireachta sa Deisceart, TNI agus FI. Ceaptar stiúrthóirí ar feadh tréimhse ceithre bliana de ghnáth. Beidh deireadh ag teacht le téarma reatha na mball ceaptha ó dhlínse an Deiscirt i mí na Nollag 2019. Cuireadh bliain le téarma na mball ceaptha ó dhlínse an Tuaiscirt agus beidh deireadh leis an téarma sin i mí na Nollag 2016.

Aontaíonn an Bord sceideal cruinnithe le tionól i ngach bliain féilire. Faigheann Comhaltaí an Bhoird páipéir iomlána an bhoird roimh gach cruinniú; áirítear sna páipéir seo tuarascáil airgeadais agus tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ó gach Stiúrthóir Roinne sa Chuideachta.  Is féidir le comhaltaí an Bhoird, mar chabhair dá ndualgais, comhairle neamhspleách gairmiúil a ghlacadh de réir mar is gá, ar chostas na Cuideachta. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

Tionóladh 8 gcruinniú Boird i rith na bliana 2015 agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

| | Líon na gcruinnithe a d'fhéadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Brian Ambrose (Cathaoirleach) | 8 | 8 |
| Jim Flannery (Leas-Chathaoirleach) | 8 | 8 |
| Ciara Burke | 8 | 6 |
| Denis Cregan | 8 | 8 |
| Howard Hastings | 8 | 7 |
| John Healy | 8 | 7 |
| David Lyle | 8 | 7 |
| Christoph Mueller | 2 | 1 |
| Elaine Murphy | 8 | 6 |
| Shaun Quinn | 8 | 7 |
| Derek Reaney | 8 | 5 |
| David Rodway | 8 | 5 |

Bíonn an Bord ag feidhmiú trí na fochoistí seo a leanas chomh maith:

## Coiste Bainistiú Riosca

Tá ceathrar Stiúrthóir ar an bhfochoiste seo a thagann le chéile go ráithiúil le timpeallacht inmheánach rialaithe na Cuideachta a athbhreithniú agus a phlé. Tá siad faoi threoir ag Clár Riosca na cuideachta a úsáidtear chun clár oibre a leagan amach don fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, agus tuairiscíonn siad go díreach ar ais chuig an gcoiste seo. Tá lánrochtain neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gcoiste.
Sa tábla seo a leanas leagtar amach comhdhéanamh agus tinreamh na gcruinnithe Coiste Bainistiú Riosca i rith na bliana 2015:

| | Líon na gcruinnithe a d'fhéadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| John Healy (Cathaoirleach) | 4 | 4 |
| Christoph Mueller (Leas-Chathaoirleach) | 1 | 0 |
| Ciara Burke | 4 | 4 |
| David Lyle | 4 | 4 |
| Denis Cregan | 2 | 2 |

## An Coiste Luach Saothair

Tá 4 Stiúrthóir ar an bhFochoiste seo agus tagann siad le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht leibhéil luach saothar na Cuideachta agus ar théarmaí agus ar choinníollacha eile fostaíochta na bhfeidhmeannach sinsearacha.
Tugtar comhdhéanamh an Choiste Luach Saothair agus sonraí tinrimh i rith 2014 sa tábla seo a leanas:

| | Líon na gcruinnithe a d'fhéadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Denis Cregan (Cathaoirleach) | 1 | 1 |
| Brian Ambrose | 1 | 1 |
| Jim Flannery | 1 | 1 |
| David Rodway | 1 | 1 |

Glacann an Bord lena fhreagracht i leith rialú inmheánach na Cuideachta agus leagann sé amach a staid siúd ar bhonn níos mionsonraithe sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí agus um Rialú Inmheánach Airgeadais.

## Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais

Ní raibh teagmhais  ar bith a bhí ann tar éis 31 Nollaig 2015 a d'éiligh leasú ar na ráitis airgeadais nó nochtadh ar leith a dhéanamh iontu.

## Taighde agus Forbairt

Ní raibh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar bun ag an gCuideachta i rith na tréimhse.

## Forbairtí sa Todhchaí

Tá na Stiúrthóirí ag súil go leanfaidh forbairt ghníomhaíochtaí na Cuideachta ar aghaidh de réir na bpleananna.

## Na Príomhrioscanna agus Neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá ag an gCuideachta ná maoiniú leanúnach a cuid gníomhaíochtaí ag Rialtas na Ríochta Aontaithe agus agus Rialtas na hÉireann. Cé go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil leis go mbeidh maoiniú leanúnach á dhéanamh ag an dá Rialtas ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta, bíonn athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí ar an leibhéal maoinithe. Níl aon chomhaontú fadtéarmach foirmiúil ann.

Mar gheall ar a ghníomhaíochtaí ar fud an domhain, tá tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta eacnamaí i bpríomh-mhargaí na Cuideachta, An Bhreatain, SAM, An Fhrainc, an Ghearmáin, agus na coda eile den domhan go ginearálta, ar an bhfonn taistil . Cuireann fás nó cúlú ar bith sna margaí seo isteach ar an tionscal turasóireachta agus taistil go léir, agus go háirithe ar chumas na Cuideachta chun fás a sheachadadh, i líon na gcuairteoirí agus ina gcaiteachas, de réir spriocanna seachadta na Cuideachta ar oileán na hÉireann. Mhéadódh teagmhas ar nós mórionsaí sceimhlitheoireachta nó briseadh amach galair cur isteach ar chumas na Cuideachta a spriocanna a bhaint amach. Bheadh tionchar chomh maith ag aon chailliúint nó cur isteach breise ar rochtain aeir nó farraige agus ag gluaiseachtaí neamhfhabhracha sna malartáin eachtracha ar thaisteal go hoileán na hÉireann. Bíonn an Bord ag faire go rialta ar na rioscaí thuas agus glactar leis na gníomhartha cuí leis na rioscaí a mhaolú nó le tabhairt faoi na hiarmhairtí ionchasacha dochracha an oiread agus is féidir go praiticiúil.

## Reachtaíocht Chomhionanais

Tá sé de bheartas ag an mBord an Reachtaíocht Chomhionannais sa dá dhlínse a chomhlíonadh go hiomlán. Bunaítear earcaíocht ar chumas iarratasóra chun an post a dhéanamh. Déantar iarratais ar fhostaíocht ó gach grúpa mionlaigh, lena n-áirítear lucht míchumais, a bhreathnú go hiomlán agus go cothrom, má bhíonn na scileanna agus na cumais iontu chun an obair a dhéanamh. Má tharlaíonn míchumasú le linn fostaíochta is é beartas an Bhoird gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh athoiliúint shásúil ar fáil, nó más infheidhmithe, go dtabharfar cabhair le fostaíocht mhalartach a fháil.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair

Is é beartas an Bhoird sábháilteacht, sláinte agus leas leanúnach na bhfostaithe ag obair a chinntiú trí thimpeallacht shábháilte shláintiúil a chothabháil bunaithe ar fhorálacha na Reachtaíochta um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair sna dlínsí ina mbíonn sé ag feidhmiú.

## Tabhartais Charthanachta

Ní dhearna Turasóireacht Éireann aon tabhartas carthanachta le linn na tréimhse.

## Íocaíocht do Sholáthraithe

Is é beartas Thurasóireacht Éireann Teo gach soláthraí a íoc chomh pras agus is infheidhmithe agus gan aon am breise a ghlacadh chun soláthraithe a íoc, seachas an t-am a bhíonn ag teastáil chun an sonrasc a sheiceáil agus a phróiseáil. I 2015, ba é 18 lá an meán-am idir sonrasc soláthraí a fháil agus é a íoc.  Níor íoc Turasóireacht Éireann Teo aon ús maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana. Tá breis eolais faoi íocaíochtaí Thurasóireacht Éireann le soláthraithe ar fáil ar shuíomh corparáideach gréasáin Thurasóireacht Éireann www.tourismireland.com

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Cuireann Turasóireacht Éireann Teoranta a straitéis gnó i bhfeidhm trína fhoireann. Tá rannpháirtíocht lucht foirne ríthábhachtach le cuspóirí gnó a bhaint amach sa phróiseas pleanála agus cinnteoireachta. Déantar rannpháirtíocht na foirne a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as an rochtain chuí ar shainchomhairle agus trí dheiseanna oiliúna a chuireann ar a gcumas a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtúil.

## Saoráil Faisnéise

Foráiltear san Acht um Chomhaontú  na Breataine- na hÉireann 1999 go ndéanfadh Airí Éireannacha agus Thuaisceart Éireann a bhfuil freagracht orthu maidir le saoráil faisnéise Cód Cleachtais a dhréachtú do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas agus go mbeadh sé le faomhadh ag an NSMC. Is cód neamhreachtúil é an Cód a faomhadh ar an 1 Eanáir 2006, agus dréachtaíodh é le haird ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 agus an Freedom of Information Act, 2000 sa Ríochta Aontaithe.

Áisítear rochtain an phobail de réir an Chóid ar fhaisnéis atá ag na sé chomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh Theas

agus ag Turasóireacht Éireann Teo ar bhealaí éagsúla. Foráiltear gur cheart do gach comhlacht cineálacha áirithe faisnéise a bhaineann lena fheidhmeanna, a struchtúir, a eagraíocht agus a sheirbhísí a fhoilsiú, mar aon le tuairisc ghinearálta ar an gcineál faisnéise atá ag an gcomhlacht sin. Leagtar amach an próiseas faoinar féidir le ball den phobal faisnéis atá ag an gcomhlacht sin a iarraidh, na céimeanna is gá don chomhlacht a ghlacadh agus an t-iarratas sin á láimhseáil agus an tréimhse ama inar cheart don chomhlacht freagra a thabhairt ar iarratas de ghnáth. Tugann an Cód deis chomh maith do bhaill den phobal ráiteas a fháil faoi aon ghníomh den chomhlacht a bhfuil tionchar aige ar an duine sin.

Tugtar catagóirí na faisnéise a bhfuil díolúine acu in Iarscríbhinn an Chóid. Má thiteann an fhaisnéis a iarrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 1 den Iarscríbhinn, níl dualgas ar an gcomhlacht an fhaisnéis a nochtadh. Má thiteann an fhaisnéis a iarrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 2, ní mór don chomhlacht teist leas poiblí a dhéanamh lena chinneadh an nochtfar an fhaisnéis nó nach nochtfar.  Déanann an Cód foráil le haghaidh meicníocht inmheánach athbhreithnithe ar chinntí a dhéanann an comhlacht faoin gCód.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Ní hiad na cuideachtaí a sheachadann feidhmíocht níos fearr agus seirbhís chustaiméirí den scoth, ach a chuireann saincheisteanna eiticiúla, sóisialta agus comhshaoil san áireamh dá páirtithe leasmhara go léir na cuideachtaí is fearr. Aithníonn Turasóireacht Éireann Teo na dualgais leathana atá uirthi i leith fostaithe, na sochaí agus an phobail a bhfuil sí ag freastal air agus creideann sí go bhfuil nasc láidir idir Freagracht Shóisialta Chorparáideach agus an rath sa bhfad-téarma. Tá tacar luachanna ag Turasóireacht Éireann Teo a thugann aitheantas do leasanna a pháirtithe leasmhara go léir agus don gcion tairbhe atá á dhéanamh acu. Chun na críche sin, tá caighdeáin an-arda ionracais, rialachais chorparáideach agus fheasacht chomhshaoil againn. Aithnímid nach ionann a bheith inár saoránach maith corparáideach agus ár n-aidhmeanna gnó amháin a bhaint amach, ach go bhfuil baint aige le cion níos leithne a dhéanamh ar son leasa ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin. Tá dianchomórtas sa turasóireacht idirnáisiúnta agus mura mbíonn na tairiscintí is fearr á ndéanamh againn, rachaidh na turasóirí áit éigin eile. Ní hé dearcadh Thurasóireacht Éireann Teo go bhfuil 'aon mhéid amháin oiriúnach do chách' maidir leis an tseirbhís a sholáthraímid, tá sé d'aidhm againn tacar solúbtha de roghanna margaíochta a chur ar fáil don tionscal turasóireachta.

Ag an leibhéal corparáideach, glacaimid leis na caighdeáin comhlíonta is airde i leith riachtanais reachtúla, ag feidhmiú de réir spiorad agus litir na rialachán sa dá dhlínse.

Tá sé d'aidhm againn an chúirtéis chéanna a thabhairt dár soláthraithe agus a thugaimid dár bpáirtithe leasmhara.

Gan foireann chumasach thiomanta spreagtha, ní fhéadfadh Turasóireacht Éireann Teo an leibhéal seirbhíse atá tuillte acu a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara. Dá bharr seo, tugtar tús áite d'earcaíocht foirne, agus d'oiliúint agus forbairt foirne. Is iad na daoine agus na gníomhairí atá againn i 22 láthair i 19 tír an acmhainn is tábhachtaí don rath atá ar Thurasóireacht Éireann le 14 bliain anuas.

Tá Turasóireacht Éireann lántiomnaithe don chomhionannas in earcaíocht agus i bhfostaíocht. Is í an straitéis atá againn na daoine is fearr a earcú agus oiliúint chuimsitheach a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh lena gcumas fad-téarmach a bhaint amach.

## Clár Leasanna na Stiúrthóirí

Coinnítear Clár Leasanna na Stiúrthóirí in oifig chláraithe na Cuideachta.  Tá sé ar fáil don phobal agus is féidir rochtain a fháil air ach teagmháil a dhéanamh le Rúnaí na Cuideachta.
Thar ceann an Bhoird
Joan O'Shaughnessy
Leas-Chathaoirleach

David O'Brien
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2016

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

Tá sé riachtanach de réir dlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais a sholáthraíonn léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar fharasbarr nó easnamh na cuideachta don tréimhse airgeadais sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord na Stiúrthóirí:

* Beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

• Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;

• Aon imeacht ábhartha ó na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú, agus

Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí a mheas go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i ngnó;

Tá an Bord Stiúrthóirí freagrach as taifid chuí cuntais a choimeád a nochtann stádas airgeadais na Cuideachta go réasúnta cruinn agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 2014, mar atá infheidhmithe do chuideachtaí le ráthaíocht theoranta gan scairchaipiteal. Tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó an aonáin i slí cheart rialta agus as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird
Joan O’Shaughnessy
Leas-Chathaoirleach
David O’Brien
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2016

# Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

Aithníonn an Bord a fhreagracht i leith a chinntiú go ndéanann an Chuideachta córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais a chothú agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach seachas urrús absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in am tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistiú rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá na nithe seo a leanas go háirithe san áireamh.

- Córais chuimsitheacha buiséadaithe ina bhfuil buiséad bhliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord.
- Athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte maidir le rialú infheistíochta caipitil a shainmhíniú go soiléir;
- Rialacha a shainmhíniú go soiléir le cinntiú gur leanadh nósanna imeachta soláthair phoiblí;
- Disciplíní foirmiúla cuí um bhainistíocht tionscadail.

Cuimsíonn an creat thuas téarmaí an Mheabhrán Airgeadais lena ndéantar Turasóireacht Éireann a rialú d'fhonn comhlíonadh a chinntiú.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánach i bhfeidhm ag Turasóireacht Éireann Teoranta, a bhfuil a chlár oibre faoi thionchar anailís an riosca a bhfuil neamhchosaint ag an gCuideachta ina leith. Tá plean iniúchóireachta inmheánach ullmhaithe atá bunaithe ar an anailís seo. Déantar athbhreithniú ar anailís an riosca i rith na bliana agus formhuiníonn Coiste Bainistiú Riosca na Cuideachta é. Áirítear sa chlár oibre iniúchóireachta inmheánach, feidhmiú obair iniúchóireachta mionsonraithe, soláthar tuarascála ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánach na Cuideachta ar bhonn rialta don Choiste Bainistiú Riosca agus tuairim neamhspleách ar dhóthaineacht agus ar éifeachtacht chóras rialú inmheánach airgeadais na cuideachta. Áirítear sa chlár oibre iniúchóireachta inmheánach in 2015, athbhreithnithe ar Phróisis Buiséid agus Tuairisciú Bainistíochta, Pleanáil Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste, Taisteal don Bhainistíocht Shinsir, Cothabháil agus Speansais, Cumarsáid Sheachtrach agus Rialúcháin Airgeadais.

Déanann an Bord measúnú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar bhonn na hoibre a dhéanann na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais. Agus an t-athbhreithniú á dhéanamh acu, cuireann an Bord litir na bainistíochta agus tuarascálacha eile an iniúchóra inmheánaigh san áireamh.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2015, agus ba é tuairim an Bhoird go raibh na rialuithe seo á bhfeidhmiú go héifeachtach agus go sásúil.
Thar ceann an Bhoird
Joan O’Shaughnessy
Leas-Chathaoirleach

Niall Gibbons CEO
Dáta: 20 Iúil 2015

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

### Turasóireacht Éireann Teoranta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Áirítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas cuimsitheach ioncaim, an ráiteas maidir le seasamh airgeadais, an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas, an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é Acht na gCuideachtaí 2014 an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas a ullmhú agus an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

### Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor cothrom agus go bhfuil siad ag cloí seachas sin le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orethu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.
Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é.

Cuimsíonn sé iniúchadh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go himleor iad
- réasúnacht na meastachán suntasacha cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí le linn do na ráitis airgeadais a bheith á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbhearta airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.
Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon mhírialtacht ábhartha leis na ráitis iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréiteacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh aige a leithéid do mo thuarascáil.
Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréiteacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh aige a leithéid do mo thuarascáil.

### Tuairim i leith na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim tugann na Ráitis Airgeadais

- tugann siad léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2015; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go coitianta leo in Éirinn ;
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

### Nithe a n-éilítear orm iad a thuairisciú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Tá an t-eolas go léir faighte agam agus na míniúcháin a cheapaim a bheith riachtanach le haghaidh chuspóir m'iniúchadh. I mo thuairim, bhí taifid luaite na cuideachta leordhónathach le hiniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráiteas airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.
I mo thuairim, tá an fhaisnéis a luaitear i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis Airgeadais.

### Nithe a nDéanaim Tuairisc de réir Eisceachta orthu

Déanaim tuairisc de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas:

- aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó nuair nár chomhlíon bearta na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nuair nach raibh an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil bhliantúil na cuideachta i gcomhréir leis na ráitis ghaolmhara airgeadais, nó leis an eolas atá faighte agam le linn na hiniúchóireacht a dhéanamh, nó
- nuair nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais géilliúntas na Cuideachta don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

nó

- nach ndéantar nochtadh reachtúil luach saothar na stiúrthóirí ná beartais na stiúrthóirí, mar a shonraítear in Acht na gCuideachtaí 2014, nó

- más léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe seo a ndéantar tuairisc orthu de réir eisceachta.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Dáta: 27 Iúil 2016

# RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

ar 31 Nollaig 2015

| | | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Ioncam Iomlán | 2 | 60,127 | 65,464 | 43,670 | 52,780 |
| Lúide Caiteachas | 3 | (61,519) | (64,842) | (44,681) | (52,278) |
| Aistriú ó/ (chuig) Cúlchiste Deontais an Rialtais | | 222 | 220 | 161 | 177 |
| (Easnamh)/Barrachas ioncaim thar caiteachas | | (1,170) | 842 | (850) | 679 |
| | | | | | |

# Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

| | | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| (Easnamh)/Barrachas ioncaim thar caiteachas | | (1,170) | 842 | (850) | 679 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | 16c | 7,407 | (7,352) | 5,454 | (5,709) |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsin Iarchurtha | | (7,407) | 7,352 | (5,454) | 5,709 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain | | (1,170) | 842 | (850) | 679 |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chlár comhardaithe.
Is dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 23.
Thar ceann an Bhoird
Joan O'Shaughnessy
Leas-Chathaoirleach

David O'Brien
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2015

# Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais

ar 31 Nollaig 2015

| | | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Sócmhainní Seasta Doláimhsithe | 7 | 243 | 365 | 180 | 284 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 113 | 213 | 83 | 168 |
| | | **356** | **578** | **263** | **452** |
| Sócmhainní Reatha | | | | | |
| Infháltais | 9 | 2,221 | 1,874 | 1,638 | 1,455 |
| Airgead tirim agus cóibhéisí airgid | | 4,872 | 8,468 | 3,593 | 6,575 |
| | | 7,093 | 10,342 | 5,231 | 8,030 |
| Dliteanais Reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) Iníocthaí | 10 | (6,693) | (8,772) | (4,936) | (6,811) |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | 400 | 1,570 | 295 | 1,219 |
| Sochair Scoir | | | | | |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | 16e | 52,937 | 58,100 | 39,041 | 45,115 |
| Dliteanais Phinsin | 16c | (52,937) | (58,100) | (39,041) | (45,115) |
| | | - | - | - | - |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **756** | **2,148** | **558** | **1,671** |
| Léirithe ag: Cuntas ioncaim agus caiteachais | 12 | 400 | 1,570 | 295 | 1,219 |
| Cúlchiste Deontais an Rialtais | | 356 | 578 | 263 | 452 |
| | | **756** | **2,148** | **558** | **1,671** |

Is dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 23.
Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy David O'Brien
Leas-Chathaoirleach Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2015

# Ráiteas Maidir le hAthruithe i gCothromas

ar 31 Nollaig 2015

## Cuntas ioncaim agus caiteachais

| | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1,570 | 728 | 1,219 | 614 |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | (1,170) | 842 | (850) | 679 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach | 7,407 | (7,352) | 5,454 | (5,709) |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | (7,407) | 7,352 | (5,454) | 5,709 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | - | - | (74) | (74) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 400 | 1,570 | 295 | 1,219 |

## Cúlchiste Deontais an Rialtais

| | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 578 | 798 | 452 | 666 |
| Deontais úsáidte le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | 35 | 67 | 25 | 55 |
| Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainní | (246) | (287) | (178) | (232) |
| Suim scaoilte ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | (11) | - | (8) | - |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | - | - | (28) | (37) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 356 | 578 | 263 | 452 |
| Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana | 756 | 2,148 | 558 | 1,671 |

Is dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 23.
Thar ceann an Bhoird
Joan O’Shaughnessy David O’Brien
Leas-Chathaoirleach Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2015

# Ráiteas Sreafaí Airgid

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

| | | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 14 | (3,561) | 3,474 | (2,957) | 2,423 |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta: | | | | | |
| Íocaíochta le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | | (35) | (67) | (25) | (55) |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe | | - | - | - | - |
| Glan(ísliú)/ardú in airgead agus i gcóibhéisí airgid | 15 | (3,596) | 3,407 | (2,982) | 2,368 |
| Airgead agus cóibhéisí airgid ag tús na bliana | | 8,468 | 5,061 | 6,575 | 4,207 |
| Airgead agus cóibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | 4,872 | 8,468 | 3,593 | 6,575 |

Thar ceann an Bhoird
Joan O’Shaughnessy
Leas-Chathaoirleach

David O’Brien
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2015

# Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

ar 31 Nollaig 2015

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Chuideachta:

## Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach bunús ullmhúchán agus beartais shuntasacha cuntasaíochta Thurasóireacht Éireann Teoranta thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach i rith na bliana agus na bliana roimhe seo.

## Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe atá i bhfeidhm sa RA agus in Éirinn, eisithe ag an Chomhairle Tuairisciú Airgeadais (FRC), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo an chéad tacar ráitis airgeadais ó Thurasóireacht Éireann a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é an 1 Eanáir 2014 an dáta trasdula chuig FRS102. Rinneadh athshonrú ar na ráitis airgeadais don bhliain anuraidh le haghaidh coigeartaithe nuair a glacadh le FRS102 don bhliain reatha. Tá torthaí an ghlactha seo le feiceáil i nóta 13.

## Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúla, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe atá measta ag luachanna cothroma mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go seasta ag plé le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann Teoranta.

## Breithiúnais agus Meastacháin Ghéibheannacha Cuntasaíochta

Éilíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin
agus toimhdithe a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Ach d'fhéadfadh an meastachán a bheith éagsúil ó na torthaí iarbhír mar gheall ar a nádúr.  Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### a) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá saolta sócmhainne agus na luachanna gaolmhara iarmharacha do gach aicme sócmhainne seasta athbhreithnithe ag na Stiúrthóirí, agus go háirithe saol úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tá siad den tuairim go bhfuil na luachanna iarmharacha oiriúnach.

### b) Dualgas Sochar Scoir

Deimhnítear nuashonraí go bliantúil ar na toimhdí bunúsacha sna luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na suimeanna (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta chostas sláinte) sna ráitis airgeadais, bunaithe ar na tosca reatha eacnamaíocha
agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus na bpleananna iar-scoir.
Féadfaidh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:
(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáideacha
(ii) leibhéil chúitimh na todhchaí, coinníollacha an mhargadh saothair sa todhchaí
(iii) costais treochtaí cúram sláinte, ráta boilscithe chostais leighis sna réigiúin ábhartha

## Ioncam

Mínítear ioncam ar bhonn infhála. Cuirtear gach ioncam deontais chun sochair chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse chuntasaíochta ina n-éilítear é ó na heagraíochtaí maoinithe.

## Caiteachas

Ionsúnn an hCuideachta CBL agus cánacha díolacháin áitiúla le córas athghabhála teoranta atá comhaontaithe leis na hÚdaráis Ioncaim. Gearrtar caiteachas fógraíochta agus margaíochta uile, lena n-áirítear costais tabhaithe ar tháirgeadh míreanna foilseacháin nach bhfaightear aon ioncam dóibh, don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse airgeadais ina tabhaítear é.

## Infháltais

Luaitear Féichiúnaithe Trádála tar éis soláthar a dhéanamh le haghaidh drochfhiacha agus fiacha amhrasacha sonraithe.

## Sócmhainní Doláimhsithe Seasta

Amúchtar sócmhainní doláimhsithe seasta le saol teoranta thar tréimhse ionchas úsáideach a saoil trí ranníocaíochtaí cothroma bliantúla a chur chun dochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann an saol úsáideach chun sócmhainní teoranta doláimhsithe a amúchadh le feidhmíocht na sócmhainní a fhaightear sa todhchaí, agus le breithiúnas na bainistíochta faoin tréimhse a mbainfear leas eacnamaíoch as an tsócmhainn.

## Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag a luach lúide dímheas carntha. Déantar soláthar don dímheas ag rátaí atá ríofa le costas lúide luach iarmharach a dhíscríobh thar an saol úsáideach atá ceaptha dó, ar bhonn líne díreach. Díscríobhtar bogearra ríomhaireachta a cheannaítear nó a fhorbraítear in-tí de ghnáth ar bhliain a cheannaithe mura féidir a chruthú go bhfuil luach athdhíola aige.

## Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra coigríche go euro ag na rátaí malartáin atá i bhfeidhm ar dháta an chlár comhardaithe. Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag rátaí seasta caighdeánacha don bhliain le haghaidh gach airgeadra réadaithe ag am na híocaíochta. Tógtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.
Nochtadh méideanna aistrithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas Sreafaí Airgid, sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais agus sna nótaí gaolmhara in euro (€) le suimeanna achomair tugtha i Sterling (STG£).

## Sochair Scoir

Chuir na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsin Thuaidh Theas
le feidhm theoranta ó 29 Aibreán 2005. Is scéim sochar pinsean sainmhínithe í atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Tá an scéim á riaradh ag riarthóir seachtrach. Bíonn maoiniú á sholáthar ó Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, agus maoinítear an riarthóir as sin.
Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann na fostaithe le linn na tréimhse. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go mbeadh sé inghnóthaithe sa todhchaí trí ioncam deontais nó maoiniú eile chuig an riarthóir, go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé seach-churtha ag íocaíochtaí pinsin a rinneadh i rith na bliana.
Tá gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann.
Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá gnóthaithe ag fostaithe go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha sócmhainn chomhfhreagrach ar acmhainní iad atá le cur ar fáil i dtréimhsí sa todhchaí ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann, sa tslí a luaitear thuas.
Aithnítear sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag deireadh na bliana mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.
I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála i bPoblacht na hÉireann, aithníonn Turasóireacht Éireann sócmhainn a léiríonn acmhainní le cur ar fáil ag Státchistí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsin de bharr roinnt iar-imeachtaí. Áirítear sna himeachtaí seo tacaíocht reachtúil dona scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhís phoiblí a mhaoiniú i ngach dlínse agus an próiseas meastacháin bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht i leith na méideanna sonracha seo leis na forais mhaoinithe, níl aon fhianaise ag Turasóireacht Éireann nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo sa todhchaí. Níl an chóireáil seo comhsheasmhach leis an gcleachtas cuntasaíochta do Chomhlachtaí Neamh-Rannacha sa Ríocht Aontaithe, mar nach dtugtar aitheantas do dhliteanas maoinithe go dtí go mbíonn an ceangaltas úd slite nuair nach ann do ráthaíocht fhoirmiúil. Déantar ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pinsean pearsanta atá á bhfeidhmiú ag foireann nach bhfuil ina mbaill de scéim sochair sainmhínithe. Áirítear íocaíochtaí a dhéantar faoi gach scéim sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

## Sócmhainní ar Léas

Déantar caipitliú ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna mar shócmhainní seasta agus dímheastar iad de réir gnáthbheartas na Cuideachta. Déantar taifead ar an dliteanas comhfhreagrach mar iníoctha agus gearrtar an ghné úis den íocaíocht léas airgeadais ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn blianachta.
Gearrtar cíosanna léas oibríochta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach thar tréimhse an léasa.

## Cúlchiste Deontais an Rialtais

Léiríonn Cúlchiste Deontais an Rialtais an luach neamh-amúchta d'ioncam deontais a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

## 1. Formáid na Ráitis Airgeadais

Tá formáid na dtorthaí sna Ráitis Airgeadais aistrithe ó euro go Sterling ag an ráta deiridh ag deireadh na bliana ar ionann é agus €1.35593 (2014: €1.28783) don Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais agus ag meánráta bliantúil de €1.37684 (2014: €1.24033) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 2. Ioncam Iomlán

| | | 2015 € (000) | 2014 € (000) | 2015 STG£ (000) | 2014 STG£ (000) |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | | | | |
| Fáilte Éireann | | 41,933 | 44,884 | 30,456 | 36,187 |
| Tourism Northern Ireland | | 14,798 | 16,302 | 10,747 | 13,144 |
| Ioncam Trádála | | 1,001 | 1,112 | 727 | 897 |
| Ioncam Éagsúil | | 151 | 164 | 110 | 132 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 16d | 2,244 | 3,002 | 1,630 | 2,420 |
| | | 60,127 | 65,464 | 43,670 | 52,780 |

Tá ioncam infhaighte ó Fháilte Éireann agus ó Tourism Northern Ireland de réir na bhforálacha maoinithe atá leagtha síos sa Mheabhrán Airgeadais. Ba é an méid iarbhír a fuarthas i Sterling ó Tourism Northern Ireland ná £11.986m (2014: £14.020m).

Áirithe san ioncam ó Fháilte Éireann tá €1.183m: £0.859m (2014 E1.261m: £1.017m) le haghaidh margaíocht táirge.

## 3. Caiteachas

| | | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 36,861 | 40,647 | 26,772 | 32,772 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | 601 | 591 | 437 | 476 |
| Costais Foirne | 5 | 14,950 | 15,205 | 10,858 | 12,259 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 7,234 | 6,639 | 5,254 | 5,352 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 1,206 | 1,214 | 876 | 979 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | 581 | 455 | 422 | 367 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 86 | 91 | 62 | 73 |
| | | 61,519 | 64,842 | 44,681 | 52,278 |

Áirítear sna cláir margaíochta €1.182m: £0.858m (2014 E1.260m: £1.016m) le haghaidh margaíocht táirge.

2015 Anailís Gheografach ar Chaiteachas

| | | Lárnach | An Bhreatain | An Eoraip | An Astráil agus Margaí ag Forbairt Markets | Meiriceá Thuaidh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 7,171 | 8,466 | 9,614 | 1,706 | 9,904 | 36,861 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | - | - | 120 | 481 | - | 601 |
| Costais Foirne | 5 | 7,531 | 1,247 | 3,343 | 588 | 2,241 | 14,950 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 4,522 | 771 | 827 | 198 | 916 | 7,234 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 350 | 204 | 231 | 150 | 271 | 1,206 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | 399 | - | 59 | 41 | 82 | 581 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 86 | - | - | - | - | 86 |
| | | 20,059 | 10,688 | 14,194 | 3,164 | 13,414 | 61,519 |

| | | Lárnach | An Bhreatain | An Eoraip | An Astráil agus Margaí ag Forbairt Markets | Meiriceá Thuaidh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 5,208 | 6,149 | 6,983 | 1,239 | 7,193 | 26,772 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | - | - | 87 | 350 | - | 437 |
| Costais Foirne | 5 | 5,470 | 906 | 2,428 | 427 | 1,627 | 10,858 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 3,284 | 560 | 601 | 144 | 665 | 5,254 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 254 | 148 | 168 | 109 | 197 | 876 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | 290 | - | 42 | 30 | 60 | 422 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 62 | - | - | - | - | 62 |
| | | 14,568 | 7,763 | 10,309 | 2,299 | 9,742 | 44,681 |

Tá na cláir Margaíochta Láir comhdhéanta de ionaid teagmhála custaiméirí de chuid Thurasóireacht Éireann, aonad ríomh-mhargaíochta, táirgeadh fógraíochta agus na costais a ghabhann le táirgeadh agus dáileadh na n-ábhar comhthaobhacha.

4. Barrachas/(Easnamh) ioncaim thar caiteachas

| Luaitear é seo tar éis iad seo a leanas a ghearradh: | | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe | 7 | 122 | 122 | 88 | 98 |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 124 | 165 | 90 | 134 |
| Luach saothair an Iniúchóra | | 24 | 24 | 17 | 19 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 86 | 91 | 62 | 73 |
| Cíosanna Léas Oibriúcháin - Talamh agus Foirgnimh | | 2,125 | 2,123 | 1,543 | 1,712 |
| Cíosanna Léas Oibriúcháin - Eile | | 12 | 18 | 9 | 15 |

5. Fostaithe agus Luach Saothair

| | | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Pá agus Tuarastal | | 9,239 | 9,201 | 6,710 | 7,418 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | | 1,158 | 1,162 | 841 | 937 |
| Cláir Shocrúcháin do Mhic léinn | | 762 | 710 | 553 | 573 |
| Ranníocaíocht na Cuideachta le pinsin phríobháideacha | 16g | 37 | 42 | 27 | 33 |
| Costais seirbhísí reatha pinsean | 16d | 3,502 | 3,805 | 2,544 | 3,067 |
| Costais Phárolla eile | | 252 | 285 | 183 | 231 |
| | | 14,950 | 15,205 | 10,858 | 12,259 |

Bhí 144 duine ar an meán fostaithe i rith na bliana (2014: 149).
I rith na bliana rinneadh asbhaintí de €195,630 (£142,086), faoi na Bearta Éigeandála Airgeadais um Leas an Phobail, 2009, mar atá leasaithe, agus íocadh é leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

D'ainmnigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Príomhfheidhmeannach reatha ar an 10 Meitheamh 2014 ar chonradh 5 bliana. €150,758 (£109,496) de thuarastal a bhí aige in 2015, is ball é de scéim phinsean na cuideachta agus níl bónas iníoctha. Rinneadh leasú ar a thuarastal de réir ,an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Tá an tuarastal faoi réir ag tobhach Pinsean Seirbhíse Poiblí de 9.0% agus ranníocaíocht nua pinsean Croí-Scéime de 7.35%.

Miondealú ar shochair fhostaithe *

| | Líon na bhfostaithe 2015 | Líon na bhfostaithe 2014 |
|---|---|---|
| €60,001 - €70,000 | 16 | 17 |
| €70,001 - €80,000 | 14 | 14 |
| €80,001 - €90,000 | 11 | 11 |
| €90,001 - €100,000 | 8 | 9 |
| €100,001 - €110,000 | 3 | 2 |
| €110,001 - €120,000 | 0 | 1 |
| €120,001 - €130,000 | 1 | 1 |
| €130,001 - €140,000 | 1 | 2 |
| €140,001 - €150,000 | 4 | 3 |
| €150,001 - €160,000 | 1 | 1 |
| €160,001 - €170,000 | 1 | 1 |
| €200,001 - €210,000 | 0 | 1 |

* Éilítear miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (lena n-áirítear tuarastail agus sochair eile) os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, faoi chiorclán DPER 13/2014

6. Luach saothar agus speansais na Stiúrthóirí:

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ | 2015<br>STG£ | 2014<br>STG£ |
|---|---|---|---|---|
| Brian Ambrose | 11,970 | 11,970 | 8,693 | 9,651 |
| James Flannery | 9,830 | 9,830 | 7,139 | 7,925 |
| Ciara Burke | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| Denis Cregan | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| Howard Hastings | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| John Healy | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| David Lyle | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| Christoph Mueller | 2,565 | 7,695 | 1,863 | 6,204 |
| Elaine Murphy | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| Derek Reaney | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| David Rodway | 7,695 | 7,695 | 5,589 | 6,204 |
| Ar son seirbhísí mar Stiúrthóirí | 85,925 | 91,055 | 62,407 | 73,412 |

Ní bhfuair aon Stiúrthóir eile luach saothair agus níl na Stiúrthóirí i dteideal aon díolaíochtaí eile, sochar nó pinsean, agus níl siad i dteideal cúitimh i leith cailleadh oifige. Ní bhfuair aon duine de na Stiúrthóirí dreasacht le hoifig a ghlacadh.

Déantar speansais na gComhaltaí Boird a mhiondealú mar seo a leanas:

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ | 2015<br>STG£ | 2014<br>STG£ |
|---|---|---|---|---|
| Míleáiste | 4,336 | 5,325 | 3,150 | 4,293 |
| Cóiríocht agus Cothú | 5,063 | 3,962 | 3,677 | 3,195 |
| Speansais taistil eile | 1,214 | 1,329 | 882 | 1,071 |
| Iomlán | 10,613 | 10,616 | 7,709 | 8,559 |

## 7. Sócmhainní Doláimhsithe Seasta

| | Ainm Fearainn |
|---|---|
| | €<br>(000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2015 | <br>609 |
| Breiseanna | - |
| Diúscairtí<br>Ar 31 Nollaig 2015 | -<br>609 |
| Amúchadh<br>Ag 1 Eanáir 2015 | <br>244 |
| Muirear don Bhliain | 122 |
| Diúscairtí | - |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 366 |
| Glanluach Leabhair | €<br>(000) |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 243 |
| Ar 31 Nollaig 2014 | 365 |
| | |
| | Ainm Fearainn<br>STG£<br>(000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2015<br>Coigeartú Malartáin<br>Breiseanna<br>Diúscairtí | <br>473<br>(24)<br>-<br>- |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 449 |
| Amúchadh<br>Ag 1 Eanáir 2015<br>Coigeartú Malartáin | <br>189<br>(8) |
| Muirear don Bhliain | 88 |
| Diúscairtí | - |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 269 |
| Glanluach Leabhair<br><br>Ar 31 Nollaig 2015 | STG£<br>(000)<br>180 |
| Ar 31 Nollaig 2014 | 284 |

Déantar saol úsáideach na sócmhainní seasta doláimhsithe, lena ndéantar an t-amúchadh a ríomh, a mheas mar seo a leanas:
Ainmneacha Fearainn 5 bliana
Tagraíonn an tsócmhainn seo do cheannach an ainm 'Ireland.com' ón Irish Times ag deireadh na bliana 2012.

8. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin agus Feistis | Maoin Léasachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2015 | 1,619 | 976 | 2,410 | 5,005 |
| Breiseanna | 31 | 4 | - | 35 |
| Diúscairtí | (84) | (65) | (29) | (178) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | **1,566** | **915** | **2,381** | **4,862** |
| Dímheas<br>Ag 1 Eanáir 2015 | 1,462 | 920 | 2,410 | 4,792 |
| Muirear don Bhliain | 108 | 16 | - | 124 |
| Diúscairtí | (84) | (54) | (29) | (167) |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 1,486 | 882 | 2,381 | 4,749 |
| | | | | |

| Glanluach Leabhair | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
|---|---|---|---|---|
| Ar 31 Nollaig 2015 | 80 | 33 | - | 113 |
| Ar 31 Nollaig 2014 | 157 | 56 | - | 213 |

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin agus Feistis | Maoin Léasachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2015<br>Coigeartú Malartáin | <br>1,256<br>(65) | <br>760<br>(40) | <br>1,872<br>(94) | <br>3,888<br>(199) |
| Breiseanna | 23 | 3 | - | 26 |
| Diúscairtí | (61) | (47) | (21) | (129) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | 1,153 | 676 | 1,757 | 3,586 |
| Dímheas<br>Ag 1 Eanáir 2015 | 1,134 | 714 | 1,872 | 3,720 |
| Coigeartú Malartáin | (57) | (35) | (94) | (186) |
| Muirear don Bhliain | 78 | 12 | - | 90 |
| Diúscairtí | (61) | (39) | (21) | (121) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | **1,094** | **652** | **1,757** | **3,503** |

| Glanluach Leabhair | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) |
|---|---|---|---|---|
| Ar 31 Nollaig 2015 | 59 | 24 | - | 83 |
| Ar 31 Nollaig 2014 | 122 | 46 | - | 168 |

Déantar saol úsáideach réadmhaoine, ghléasra agus trealaimh, lena ndéantar an dímheas a ríomh, a mheas mar seo a leanas:
Trealamh Ríomhaireachta 3 bliana Daingneáin agus Feistis 8 mbliana Maoin Léasach 8 mbliana

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

9. Infháltais

| | 2015 € (000) | 2014 € (000) | 2015 STG£ (000) | 2014 STG£ (000) |
|---|---|---|---|---|
| Feichiúnaithe Trádála | 139 | 62 | 103 | 48 |
| Fáilte Éireann | 888 | 613 | 655 | 476 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ilfheichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 1,194 | 1,199 | 880 | 931 |
| | 2,221 | 1,874 | 1,638 | 1,455 |

10. Iníocthaí

| | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | | | | |
| Creidiúnaithe trádála agus éagsúla | 5,304 | 7,390 | 3,912 | 5,738 |
| Ioncam trádála réamhfhaighte | 15 | 46 | 11 | 36 |
| Costais agus asbhaintí cánach a bhain le pá | 191 | 81 | 141 | 63 |
| Costais Pinsin | 10 | 9 | 7 | 7 |
| CBL | 409 | 326 | 302 | 253 |
| Fabhruithe | 764 | 920 | 563 | 714 |
| | 6,693 | 8,772 | 4,936 | 6,811 |

11. Léasanna Oibriúcháin

Ag 31 Nollaig 2015 bhí gealltanais mar seo a leanas ag an gcuideachta faoi léasanna oibriúcháin

| | Áitribh | Léasanna Oibriúcháin | Iomlán | Áitribh | Léasanna Oibriúcháin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| laistigh de 1 bhliain | 2,063 | 2 | 2,065 | 1,521 | 1 | 1,522 |
| idir 2 agus 5 bliana | 6,310 | 4 | 6,314 | 4,654 | 3 | 4,657 |
| Níos mó ná 5 bliana | 1,500 | - | 1,500 | 1,106 | - | 1,106 |
| | 9,873 | 6 | 9,879 | 7,281 | 4 | 7,285 |

11. Léasanna Oibriúcháin (ar leanúint)

Seo a leanas miondealú ar an gcíos iníochta maidir le háitribh ar léas:

| | | | 2015 Cíos Iníoctha | 2014 Cíos Iníoctha | 2015 Cíos Iníoctha | 2014 Cíos Iníoctha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Suíomh | Dáta Éaga | Briseadh Clásal | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Ardoifig | | | | | | |
| Baile Átha Cliath 1<br>Cúil Raithin | 2022<br>2023 | -<br>- | 609<br>44 | 609<br>43 | 442<br>32 | 491<br>35 |
| | | | | | | |
| Oifigí thar Lear | | | | | | |
| Amsterdam | 2016 | - | 66 | 63 | 48 | 51 |
| An Bhruiséil | 2018 | - | 35 | 35 | 25 | 28 |
| Copenhagen | 2020 | - | 51 | 50 | 37 | 40 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dubai | 2016 | - | 68 | 61 | 49 | 49 |
| Frankfurt | 2022 | 2017 | 70 | 70 | 51 | 56 |
| Glaschú (2) | Rolling | - | 19 | 18 | 14 | 15 |
| Londain (4) | 2025 | 2020 | 283 | 318 | 206 | 256 |
| Madrid (1) (2) | Rolling | - | 43 | 47 | 31 | 38 |
| Milan | 2017 | - | 44 | 46 | 32 | 37 |
| Nua Eabhroc (1) | 2019 | - | 546 | 502 | 397 | 405 |
| Páras | 2018 | - | 143 | 144 | 104 | 116 |
| Shanghai (3) | 2014 | - | - | 11 | - | 9 |
| Sydney | 2017 | - | 54 | 52 | 39 | 42 |
| Toronto | 2016 | - | 50 | 54 | 36 | 44 |
| Costais Iomlána Bliantúla | | | 2,125 | 2,123 | 1,543 | 1,712 |

Nótaí
(1) Cóiríocht á roinnt le gníomhaireacht eile stáit nó comhlacht Rialtais
(2) Áitreabh sealbhaithe ar bhonn reatha rollála gan téarma seasta
(3) Dúnadh an oifig seo in Aibreán 2014.
(4) De réir FRS102, déantar dreasachtaí léasa a spré thar an tréimhse léasa atá fágtha.

## 12. Cuntas ioncaim agus caiteachais

| | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir | 1,570 | 728 | 1,219 | 614 |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | (1,170) | 842 | (850) | 679 |
| Gnóthachan(Caillteanas) Achtúireach | 7,407 | (7,352) | 5,454 | (5,709) |
| Maoiniú Pinsean Iarchurtha | (7,407) | 7,352 | (5,454) | 5,709 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | - | - | (74) | (74) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | **400** | **1,570** | **295** | **1,219** |

## 13. Trasdul go FRS102

| | Ag 1 Ean 2014 | Ag 31 Nol 2014 | Ag 1 Ean 2014 | Ag 31 Nol 2014 |
|---|---|---|---|---|
| Réiteach na gCúlchistí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Cúlchiste (mar atá sonraithe cheana) | 898 | 1,730 | 746 | 1,343 |
| Coigeartú Pá Saoire | (170) | (160) | (132) | (124) |
| Cúlchiste (mar atá athshonraithe) | 728 | 1,570 | 614 | 1,21 |

Réiteach Barrachais don Bhliain

| | Ag 31 Nol 2014 | Ag 31 Nol 2014 |
|---|---|---|
| | € (000) | STG£ (000) |
| Barrachas don Bhliain (mar a sonraíodh cheana) | 832 | 671 |
| Coigeartú Pá Saoire | 10 | 8 |
| Barrachas don Bhliain (athshonraithe) | 842 | 679 |

Ní raibh foráil iomlán á dhéanamh ag Turasóireacht Éireann roimhe seo i leith pá saoire a bhí tuillte ag fostaithe ach nach raibh tógtha acu, ag an dáta tuairiscithe. Faoi FRS 102, ní mór do na ráitis airgeadais na fabhruithe seo a aithint. Mar gheall ar an athrú seo tá méadú €170,000 (£132,000) in Iníocthaí ag an dáta trasdula agus méadú €160,000 (£132,000) in Iníocthaí ag 31 Nollaig 2014. Tá méadú de €170,000 (£132,000) ar an easnamh sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2013 agus méadú  €10,000 (£8,000) ar bharrachas na bliana dár críoch 31 Nollaig 2014.

14. Réiteach an bharrachas ioncaim thar caiteachas le glan eas-sreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin.

| | 2015 | 2014 Athshonraithe | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | (1,170) | 842 | (850) | 679 |
| Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe | 122 | 122 | 88 | 98 |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 124 | 165 | 90 | 134 |
| Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste Deontais an Rialtais | (222) | (220) | (161) | (177) |
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 11 | - | 8 | - |
| Laghdú/(Méadú) in infháltais | (347) | 2,398 | (183) | 2,096 |
| (Laghdú)/Méadú in infháltais | (2,079) | 167 | (1,869) | (333) |
| Athluacháil ar iarmhéid tosaigh | - | - | (67) | (49) |
| Athluacháil ar Iarmhéid Deiridh | - | - | -(13) | (25) |
| **Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(3,561)** | **3,474** | **( 2,957)** | **2,423** |
| | | | | |
| | | | | |

15. Réiteach ar ghlan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid chuig gluaiseacht in Iarmhéideanna Airgid agus Bainc

| | 2015<br>€<br>(000) | 2014<br>€<br>(000) | 2015<br>STG£<br>(000) | 2014<br>STG£<br>(000) |
|---|---|---|---|---|
| Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir | 8,468 | 5,061 | 6,575 | 4,207 |
| Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid | (3,596) | 3,407 | (2,982) | 2,368 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir | 4,872 | 8,468 | 3,593 | 6,575 |
| Glan (Eis-sreabhadh) /insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | (3,561) | 3,474 | (2,957) | 2,423 |
| Glan (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí neamhoibriúcháin | (35) | (67) | (25) | (55) |
| Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid | (3,596) | 3,407 | (2,982) | 2,368 |
| | | | | |

16. Pinsin

*a) Cúlra*

Bhunaigh na Comhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Phinsean Thuaidh/Theas le héifeacht ó 29 Aibreán 2005.

Tá ranna éagsúla sa scéim phinsin le struchtúir éagsúla sochair. Is iad na príomhranna:

Roinn an Chroí-Thuarastail Deiridh - is socrú pinsean tuarastal deiridh é seo le sochair bunaithe ar roinn Clasaiceach an Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh an bhliain seirbhíse),
aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh an bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill
an gnáth-Aois Scoir. Ardaítear atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir an bhoilsciú ginearálta i bpraghsanna.
An roinn croíláir alfa - is socrú pinsin tuilleamh athluacháilte meánaithe gairme nó scéim CARE é seo a bhfuil a chuid sochar bunaithe ar roinn alfa an Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean bunaithe ar chéatadán (2.32%) den phá inphinsin le haghaidh gach bliain den bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim de réir an bhoilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin chéile agus leanaí. Is ionann an Ghnáth-aois Scoir agus Aois Phinsean Stáit an bhaill sa dlínse ábhartha, 67,68 nó idir 67 agus 68 sa RA agus 68 in Éirinn. Ardaítear atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir an bhoilsciú ginearálta i bpraghsanna.

Ranna Cearta Coimeádta - ranna áirithe den scéim is ea iad seo atá bunaithe ar scéimeanna seirbhíse poiblí na hÉireann a raibh fostaithe na gComhlachtaí Thuaidh Theas ina mbaill díobh nuair a ainmníodh iad agus a aistríodh nuair a cruthaíodh na Comhlachtaí. Socruithe tuarastal deiridh is ea na scéimeanna seo leis na sochair céanna leis

an scéim ábhartha seirbhíse poiblí in Éirinn m.sh. Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bunaithe. Soláthraíonn na scéimeanna seo pinsean (do bhaill neamh-chomhtháite ochtóduithe in aghaidh bliain seirbhíse ach dhá chéadú in aghaidh bliain seirbhíse ar thuarastal suas go 3.333 oiread Pinsean Ranníocaíoch Seanaoise an Stáit agus ochtóduithe sa bhliain seirbhíse ar thuarastal os cionnn 3.333 oiread Pinsean Ranníocaíoch Seanaoise an Stáit), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh an bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill an Gnáth-Aois Scoir sa Scéim Pinsin Neamhranníocaíoch le haghaidh Fostaithe neamh-bhunaithe Stáit). Go ginearálta méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchurtha) de réir boilsciú ginearálta tuarastail na seirbhíse poiblí. Is í Scéim Aoisliúntais Bhord Fáilte Éireann an Scéim Cearta Pinsin Coimeádta atá infheidhme do Thurasóireacht Éireann.

Tá sochair ag formhór na mball roinn chroíláir sna ranna Tuarastal Deiridh agus alfa araon agus bíonn iontrálaithe nua a thagann isteach sa Scéim tar éis 1 Aibreán 2015 ina mbaill den roinn Croíláir alfa.

Ina theannta sin déanann Turasóireacht Éireann ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pearsanta arna bhfeidhmiú ag a cuid fostaithe.

*b) Cóireáil Chuntasaíochta*

Éilíonn FRS 102 ráitis airgeadais chun sócmhainní agus dliteanais a thagann as dualgais an fhostóra a léiriú, ar luach cothrom, agus na costais a aithint faoi shochair aoisliúntais a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad.

Is í an éifeacht atá ag FRS102 ná costas na bpinsean a thuilltear, in ionad íocaíochtaí do phinsinéirí, a aithint mar chaiteachas sa bhliain, agus mar mhéid maoinithe comhfhreagrach. Aithnítear sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag 31 Nollaig 2015 mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách (Xafinity Consulting) luacháil do na nochtuithe FRS102 ar 31 Nollaig 2015. Ullmhaíodh torthaí na bliana seo trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime ag cur coinníollacht margaidh agus sonraí scéime ar 3 Nollaig 2015 san áireamh.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh le dliteanais na scéime a ríomh:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (Deisceart) | 2.65% | 2.10% |
| Ráta lascaine (Tuaisceart) | 3.70% | 3.60% |
| Ráta boilscithe (Deisceart) | 2.00% | 2.00% |
| Ráta boilscithe (Tuaisceart) | 1.90% | 2.50% |
| Ráta méadú i dtuarastail (Deisceart) | 3.00% | 3.00% |
| Ráta méadú i dtuarastail (Deisceart) | 2.90% | 3.00% |
| Ráta méadú i bpinsin (Deisceart) | 2.00% nó 3.00% | 2.00% nó 3.00% |
| Ráta méadú i bpinsin (Tuaisceart) | 2.00% | 2.00% |
| Meánsaol ionchasach sa todhchaí ag aois 65 | | |
| d'Fhear atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 21.9 | 22.1 |
| Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair 65 | 23.8 | 24.3 |
| d'Fhear atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 23.1 | 23.5 |
| Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 25.3 | 25.8 |

*c) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais*

| | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| (Easnamh) sa phlean ag tús na bliana | (58,100) | (47,746) | (45,115) | (39,691) |
| Difríochtaí malartáin | - | - | 2,250 | 2,705 |
| Sochair íoctha i rith na bliana | 1,258 | 803 | 914 | 647 |
| Costas reatha seirbhíse | (2,135) | (1,979) | (1,551) | (1,595) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Traschuir glana isteach sa (amach ón)  scéim | - | - | - | - |
| Creidmheas Seirbhíse Roimhe Seo | 101 | - | 73 | - |
| Ioncam/(muirear) airgeadais | (1,468) | (1,826) | (1,066) | (1,472) |
| Gnóthachan(Caillteanas) Achtúireach | 7,407 | (7,352) | 5,454 | (5,709) |
| (Easnamh) sa phlean ag tús na bliana | (58,100) | (47,746) | (45,115) | (39,691) |

16. Pinsin (ar leanúint)
Anailís ar ghnóthachan (caillteanas) sa Phlean i rith na tréimhse:

| | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (608) | 372 | (457) | 289 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar athrú boinn tuisceana airgeadais | 8,015 | (7,724) | 5,911 | (5,998) |
| Gnóthachan(Caillteanas) Achtúireach | 7,407 | (7,352) | 5,454 | (5,709) |

*d) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais: anailís don bhliain airgeadais*
Anailís ar an nglan-mhaoiniú iarchurtha don phinsean:

| | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| Costas reatha seirbhíse | 2,135 | 1,979 | 1,551 | 1,595 |
| Creidmheas Seirbhíse Roimhe Seo | (101) | - | (73) | - |
| Costas seirbhíse eile | 1,468 | 1,826 | 1,066 | 1,472 |
| Sochair íoctha i rith na bliana | (1,258) | (803) | (914) | (647) |
| | **2,244** | **3,002** | **1,630** | **2,420** |

Anailís ar chostais seirbhísí reatha pinsin:

| | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| Costas reatha seirbhíse | 2,135 | 1,979 | 1,551 | 1,595 |
| Creidmheas Seirbhíse Roimhe Seo | (101) | - | (73) | - |
| Costas airgeadais eile | 1,468 | 1,826 | 1,066 | 1,472 |
| | **3,502** | **3,805** | **2,544** | **3,067** |

*e) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha do Phinsin*

| | 2015 | 2014 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir | 58,100 | 47,746 | 45,289 | 39,691 |
| | | | | |
| (Laghdú)/Méadú i Maoiniú Iarchurtha Sócmhainn Phinsin | (5,163) | 10,354 | (6,248) | 5,424 |
| **Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig** | **52,937** | **58,100** | **39,041** | **45,115** |

*f) Stair Dhliteanais Shainmhínithe Sochair*

| | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €<br>(000) | €<br>(000) | €<br>(000) | €<br>(000) | €<br>(000) |
| (Easnamh) ar 31 Nollaig | (52,937) | (58,100) | (47,746) | (56,021) | (39,423) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (608) | 372 | 3,119 | 692 | (36) |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | (1.2%) | 0.6% | 6.5% | 1.2% | (0.1%) |
| | | | | | |
| | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 |
| | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) | STG£<br>(000) |
| (Easnamh) ar 31 Nollaig | (39,041) | (45,115) | (39,691) | (45,439) | (32,946) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (457) | 289 | 2,593 | 561 | (30) |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | (1.2%) | 0.6% | 6.5% | 1.2% | (0.1%) |

g) Scéimeanna Pinsin Príobháideacha

I gcúinsí nach bhfuil an fhoireann in ann leas a bhaint as an scéim, féadfaidh siad scéim ranníocaíochta sainmhínithe pearsanta a bhunú ina gcuirfidh an Chuideachta ranníocaíocht. Tá 35 ball foirne i scéimeanna dá leithéid.

17. Ceangaltais Chaipitiúla

Ní raibh aon cheangaltas caipitiúl ann ar an 31 Nollaig 2015 (2014 - náid).

18. Ceangaltais  Eile

Bhí ceangaltas i leith caiteachas margaíochta de  E0.7m (£0.5m) ar an gcuideachta ar 31 Nollaig 2015 (2014 - €1.8m:  £1.5m).

19. Ceangaltais Íocaíochta Deontais

Ní raibh aon cheangaltas íocaíochta deontais ann ar an 31 Nollaig 2015 (2014 - náid).

20. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanas teagmhasach ann ar an 31 Nollaig 2015 (2014 - náid).

21. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is Cuideachta Teoranta le rathúnas é Turasóireacht Éireann Teoranta a bhfuil dhá bhall ann, Fáilte Éireann agus Tourism Northern Ireland, faoi urraíocht ag dhá roinn rialtais, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa Deisceart gaus an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta sa Tuaisceart. Meastar na gníomhaíochtaí agus na ranna seo a bheith ina bpáirtithe gaolmhara agus i rith na bliana fuair Turasóireacht Éireann an chuid is mó dá mhaoiniú uathu seo agus bhí idirbhearta éagsúla aici leo. Tá na hidirbhearta seo nochta i nótaí 2, 9 agus 10.

Meastar Aer Lingus a bheith ina pháirtí gaolmhar, mar go raibh úinéireacht 25.11% ag Rialtas na hÉireann air go dtí lár 2015, agus mar atá luaite i nóta 22, bhí Christoph Mueller ina stiúrthóir ar Thurasóireacht Éirenan agus Aer Lingus araon ar feadh cuid den bhliain.

Mar atá le go leor aonán eile, pléann Turasóireacht Éireann Teo i ngnáthchúrsaí gnó le comhlachtaí eile a bhfuil úinéireacht nó smacht i bpáirt nó in iomlán ag Rialtas na hÉireann nó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann orthu.

22. Comhaltaí Boird - Nochtadh Bearta

I ngnáthchúrsa an ghnó, d'fhéadfadh Turasóireacht Éireann  dul i mbun socruithe conarthacha le gnólachtaí ina bhfuil Comhaltaí Boird fostaithe nó leasmhar ar shlí eile. Tá nósanna imeachta glactha chucu ag Turasóireacht Éireann Teo atá faoi réir na dtreoirlínte atá eisithe maidir le nochtadh leasanna na gComhaltaí Boird agus tá siad tar cloí leis na nósanna sin i rith na bliana.

Ní bhfuair na comhaltaí Boird atá i gceist aon docaiméidiúchán ó Thurasóireacht Éireann maidir leis na hidirbhearta ná ní raibh na comhaltaí páirteach in aon chinneadh a bhain leis na hidirbhearta.

Bíonn Turasóireacht Éireann rannpháirteach i gcláir margaíochta thar sáile (a chuirtear chun cinn go gníomhach agus go forleathan agus atá oscailte d'aon iarrthóir oiriúnach), le réimse leathan iompróirí aeir agus farraige, tionscnóirí turais agus fiontair sa bhaile agus i gcéin mar chuid de phlean oibriúcháin.

I rith na bliana, rinne Turasóireacht Éireann Teo íocaíochtaí le hAer Lingus,  a raibh Christoph Mueller agus Steven Kavanagh ina stiúrthóirí air, de €0.85m (£0.63m) san iomlán, agus bhí €náid (£náid) de sin amuigh ag

deireadh na bliana (2014: €0.53m (£0.41m) a raibh €0.08m (£0.06m) amuigh ag deireadh na biana, an chuid is mó i leith comhchláir margaíochta iasachta, (feic nóta 21 thuas).

€83k (£61k) {2014: €55k (£43k)}, íoctha le Abbey Tours, a bhfuil John Healy ina stiúrthóir air, an chuid is mó maidir le gníomhaíochtaí comh-mhaoinithe lena n-áirítear glaonna díolacháin thar lear, turais taithíochta agus tograí nua.

€33k (£24k (2014: €21k (£16k)}, íoctha le Hastings Hotels, a bhfuil Howard Hastings ina stiúrthóir air, an chuid is mó i leith cóiríocht agus áiseanna óstáin.

## 23. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 15 Meitheamh 2016.


## Turasóireacht Éireann

### Cúil Raithin

Beresford House
2 Beresford Road
Cúil Raithin
BT52 1GE
T: +44 28 7035 9200
F: +44 28 7035 9200

### Baile Átha Cliath

5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2
T: +353 1 476 3400
F: +353 1 476 3666

R-phost: info@tourismireland.com
W: www.tourismireland.com